

# Íoslódáil bileog dathúcháin agus téigh sa tóir ar do phinn luaidhe, criáin agus greamáin!

Léim chomh fada leis an íomhá is fearr leat agus íoslódáil an comhad PDF is mian leat a dhathú:




Mary Swanzy, *Samoan Scene* (1924)

© eastát an ealaíontóra

Tá péintéireacht Mary Swanzy de Radharc Samóch lán de bheocht agus de dhathanna agus táimid ag iarraidh ortsa an radharc seo a dhathú! Pointe eolais: sa bhliain 1924, sheol Swanzy 2,600 míle ó Havái go dtí oileán Shamó, áit ar phéinteáil siad go leor radharc de na daoine a chonaic sí ann. Eachtra iontach! Céard atá á dhéanamh ag na daoine atá le feiceáil sa radharc seo? An féidir leat níos mó eolais a fháil faoi Shamó agus faoi na daoine atá ina gcónaí ann inniu? Fad is atá tú ag dathú, b'fhéidir go bhféadfá ligean ort féin go bhfuil tú ag taisteal chuig oileán i lár aigéin mhóir: céard a thabharfá leat?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




## Stephen O'Driscoll, *Saturday Closing*

Beir greim ar bhur hataí! Sa saothar ealaíne seo, is cosúil go bhfuil gusta mór gaoithe i ndiaidh gach rud a chur bunoscionn? Is é an t-ealaíontóir Corcaíoch, a rugadh sa 19<sup>ú</sup> haois, Stephen O'Driscoll, atá freagrach as an saothar seo. Chaith sé seal ag obair i Sráid Pheambróg i gCathair Chorcaí. Is sampla de scáthchruth é an saothar seo: íomhá de rud éigin nó de dhuine éigin léirithe mar chruth soladach i ndath amháin, dubh de ghnáth, léirithe os comhair cúlra níos gile. An féidir leat smaoineamh ar roinnt ainmneacha agus scéal a bheadh oiriúnach don radharc seo nuair a bheidh tú réidh á dhathú?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




## Muriel Brandt, *An Samhradh Sámh*

© eastát an ealaíontóra / IVARO

Sa phictiúr seo tá roinnt ba fiosrach le feiceáil, iad tagtha chomh fada le lánúin atá ag ligean a scíth ó fhoscadh ghrian an tsamhraidh. Céard eile a fheiceann tú san íomhá seo? Céard iad na dathanna a úsáidfidh tú chun na páirceanna a thabhairt chun beochta? D'fhéadfá ainmneacha a roghnú do na carachtair agus smaoineamh ar an gcineál comhrá a dhéanfadh na ba leis na daoine!

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)



## Walter Osborne (1859 - 1903), *The Goldfish Bowl*

Ealaíontóir a rugadh in Éirinn ba ea Walter Osborne a phéinteáil go leor radharc ina raibh leanaí, ainmhithe agus imeachtaí an tsaoil laethúil le feiceáil. Bhí sé de nós ag a athair, William Osborne, ainmhithe a phéinteáil freisin! Sa phictiúr seo tá beirt cailíní óga le feiceáil, agus tá babhla iasc órga á scrúdú acu! Cé mhéad iasc a fheiceann tú? An féidir leat na héisc a fheiceann tú a ainmniú? Mar is eol dúinn, bíonn dath oráiste geal ar éisc órga, ach d'fhéadfá do rogha cineáil éisc a chruthú, le spotaí nó stríoca nó fiarláin b'fhéidir? Céard a itheann an t-iasc atá le feiceáil i do phictiúr?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




Daniel Macdonald, *General Sir Rowland Smyth K.C.B.* (c.1845)

Is portráid é seo d'fhear darb ainm John Rowland Smyth. Céard a shíleann tú faoin bhfeisteas atá á chaitheamh aige? Cé mhéad cnaipe atá ar a sheaicéad? Sa phictiúr a phéinteáil an t-ealaíontóir, tá a éide mhíleata dearg agus bán agus tá mionsonraí óir le feiceáil freisin, ach is féidir leat na dathanna is fearr leat féin a roghnú! Céard iad na dathanna is fearr leat? Agus cá bhfuil Smyth ina sheasamh sa phortráid seo dar leat? An féidir leat roinnt cairde, bláthanna nó ainmhithe a tharraingt in aice leis?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




## Frank Bramley, *Domino!* (1886)

Ealaíontóir a rugadh i Sasana ba ea Frank Bramley agus chaith sé tamall ina chónaí sa Veinéis, i gCorn na Breataine agus i gCeantar na Lochanna. Is radharc amuigh faoin aer atá anseo, beirt bhan ag imirt cluiche cláir. Ainneoin gur péinteáladh an pictiúr seo breis is 130 bliain ó shin, is breá le go leor againn na cineálacha cluichí seo a imirt le cairde agus baill teaghlaigh fós, laethanta báistí go háirithe! Ainneoin go mbaineann daoine neart taitnimh as cluichí cláir d'fhéadfaidís a bheith mar bhonn le teannas uaireanta freisin...cé ag a bheidh an bua meas tú?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




## Thomas Chambers (1808 - 1866), *Panoramic View of Cork* [bainte as saothar Smith faoi Stair Chorcaí]

An féidir leat Seanteach an Chustaim ag Plás Emmet a fheiceáil sa 'View of Cork' seo a bhaineann leis an mbliain 1750? Sa lá inniu ann, is san fhoirgneamh seo atá Gailearáí Ealaíne Crawford lonnaithe! B'fhéidir go mbeidh ionadh ort na longa arda a fheiceáil taobh amuigh, ach tráth dá raibh, bhí sráideanna na cathrach líonta le huisce agus bhíodh báid in úsáid ag daoine chun dul ó áit go háit. Cén fáth nach ndíríonn tú ar líne chun siúl trí shráideanna na cathrach fad is atá an íomhá seo á dathú agat? An bhfeiceann tú aon fhoirgneamh nó áit eile a aithníonn tú? B'fhéidir go bhféadfá roinnt éan, balún nó boghanna báistí daite a tharraingt sa spéir os cionn na cathrach freisin!

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)





Mainie Jellett, *Abstract Composition* (c.1935)

Ba í an t-ealaíontóir Éireannach Mainie Jellett a rinne an saothar seo, sampla de stíl phéintéireachta ar a dtugtar Ciúbachas. Is é an aidhm atá leis an stíl seo peirspictíochtaí éagsúla d'oibiacht i bpictiúr amháin a thabhairt agus úsáid a bhaint go minic as cruthanna cothroma, geoiméadracha cosúil le dronuilleoga, leathchiorcail agus triantáin. Cé mhéad cruthanna a fheiceann tú i bpictiúr Mainie Jellett? Cé mhéad dathanna a fheiceann tú?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)





## Norah McGuinness, *River to the Sea* (1959)

© eastát an ealaíontóra

Tá ceiliúradh á dhéanamh sa pictiúr seo ar thírdhreach tuaithe na hÉireann, ar na sléibhte, na bláthanna, na páirceanna agus go háirithe na haibhneacha agus an fharraige! An gcuireann pictiúr Norah McGuinness cuilt phíosála i gcuimhne duit? An bhféadfá dathanna difriúla a úsáid chun do lorg féin a fhágáil ar an íomhá seo? Cé atá ina chónaí sa teachín sa chúlra meas tú? An fear a bhfuil an caipín air?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




Alfred Elmore, *Beppo*, "Laura by the side of her adorer, when lo! the Mussulman was there before her." (after Byron, c.1847)

Rugadh Alfred Elmore in Iarthar Chorcaí, i gCloich na Coillte. Is ar radhairc stairiúla den chuid is mó a dhírigh sé i rith a shaoil, ach tá an saothar seo bunaithe ar laoi leis an Tiarna Byron, file a rugadh i Sasana. Cá bhfuil na daoine sa phictiúr seo meas tú? An dtugann an bád nó canáil leid duit? Céard atá á rá ag na daoine lena chéile nó céard air a bhfuil siad ag smaoineamh dar leat? Nuair a bheidh tú réidh leis an dathú, b'fhéidir go bhféadfá roinnt bolgán cainte a tharraingt!

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




## Hagesandros and Polydoros Athenodoros, *Laocoon and his Sons*

### **Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Tá scéal á insint sa saothar ealaíne seo. Is dia mara cumhachtach é Poseidon agus seolann sé beirt ollphéisteanna chun ionsaí a dhéanamh ar Laocoon agus a bheirt mhac! Bhí na déithe Gréagacha sa tóir ar Laocoon de bhrí go ndearna sé iarracht cur isteach ar phlean chun ionradh a dhéanamh ar chathair na Traí. Bhí capall mór adhmaid déanta ag saighdiúirí Gréagacha, agus bhí siad ag ligean orthu gur bronntanas a bhí ann. I ndáiríre, bhí sé lán le baill den arm a bhí réidh le hionsaí a dhéanamh ar chathair na Traí.

[Íoslódáil an pdf anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




Harry Clarke, *The Arras Rich with Horseman*  
(Design for the Eve of St. Agnes Window, c.1923)

**Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Chuir Harry an-spéis i scéalta, chuir gach cineál scéalaíochta ag smaoineamh é, lena n-áirítear síscéalta, dánta, scéalta taibhsí scanrúla agus finscéalta rómánsacha. Rinne Harry an líníocht seo nuair a bhí sé ag smaoineamh ar fhuinneog dhaite a dhearadh. Sa phictiúr seo, tá beirt charachtar ag rith ó chaisleán ar oíche fhuar i rith an gheimhridh. Fad is atá siad ag rith tugann duine éadach fite ar a dtugtar *arras* don duine eile, taipéis ar a bhfuil capaill le feiceáil agus iad fite cosúil lena n-aislingí féin.

[Íoslódáil an pdf anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)



George Mounsey Wheatley Atkinson, *A Frigate Being Wrecked off a Rocky Coast* (1849)

**Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Ba in An Cóbh a rugadh George breis is 200 bliain ó shin. Chaith sé a shaol ar an bhfarraige ag obair mar shiúinéir ar bord loinge. Mhúin sé dó féin conas péinteáil. Phéinteáil sé cuan an Chóibh i rith stoirmeacha, nuair a bhí an fharraige ciúin agus nuair a bhí an ghrian ag scaladh. Bíonn báid le feiceáil ina phictiúir uaireanta ar a mbíonn ainmneacha aisteacha cosúil le bruigeanna, scúnair, galtáin agus cuitéir! Sa phictiúr seo, tá George ag smaoineamh ar long atá i lár stoirme ar chósta creagach Chorcaí

[Íoslódáil an pdf anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)



## Edith Somerville, *The Goose Girl* (1888)


### **Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Tá an cailín óg seo an-chairdiúil leis an ngé feirme agus níl sí ag iarraidh an ghé a fheiceáil ar an mbord don dinnéar! Ba i gCorfú a rugadh an t-ealaíontóir, Edith Somerville, sa bhliain 1858, ach chaith sí go leor dá saol ina cónaí i mBaile an Chaisleáin, Iarthar Chorcaí.

I rith a saoil, bhí sé de nós aici tamall a chaitheamh ag péinteáil agus ag obair ar líníochtaí gach lá, agus ag an am céanna bhí gearrscéalta agus úrscéalta á bhfoilsíú aici lena col ceathrar, Violet Martin.

[Íoslódáil an pdf anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)



James Barry, *Portraits of Barry and Burke in the Characters of Ulysses and his Companion Fleeing from the Cave of Polyphemus* (c.1776)

Roghnaigh an t-ealaíontóir de bhunadh Chorcaí, James Barry, teideal deas gonta don saothar seo - *Portraits of Barry and Burke in the Characters of Ulysses and a Companion fleeing from the cave of Polyphemus!* Ba i Lána an Uisce, Cathair Chorcaí, a rugadh James Barry sa bhliain 1741. Sa phictiúr seo, samhlaíonn sé gur laoch Gréagach cáiliúil darb ainm Ulysses a chara agus múinteoir, an fealsamh, Edmund Burke. Tá iarracht á déanamh acu éalú ó ollphéist ar a dtugtar Polyphemus, cioclóp, atá cromtha ag cúl an phictiúir. Is ollphéist ollmhór é cioclóp, nach bhfuil ach súil amháin aige sna finscéalta!

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)





John Lavery, *The Red Rose* (1923)

**Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Is péintéireacht an-rómánsach é seo de bhean a bhfuil rós dearg álainn ina lámh aici. Hazel Lavery is ainm don bhean. Seo ceann amháin de bhreis is 400 portráid di a rinne a fear céile John Lavery. Bhí ceann de na portráidí de Hazel a rinne sé le feiceáil ar nótaí bainc Éireannacha sa bhliain 1928 fiú. Samhlaigh d'aghaidh féin a fheiceáil ar nóta bainc? Portráid duine éigin eile a bhí in *The Red Rose* ar dtús, ach chinn John go mbeadh sé níos fearr portráid eile dá bhean chéile a tharraingt! Phéinteáil John ar an gcanbhás seo roinnt uaireanta. Nach fiú triail a bhaint as rudaí cúpla uair? Téigh sa tóir ar ábhair athchúrsála mórthimpeall an tí agus athshamhlaigh an pictiúr seo trí úsáid a bhaint as colláis.

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)




Gerard Dillon, *Old Woman & Washing* (c. 1959)

**Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Thaitin muintir Chonamara go mór leis an ealaíontóir Gerard Dillon. Theastaigh uaidh léargas a thabhairt ar an gcineál saoil a bhí á chaitheamh ag na daoine a bhí ina gcónaí in Iarthar na hÉireann. Sa phictiúr seo tá an taobh istigh de theachín le feiceáil nuair nach raibh aon chócaireán, inneall níocháin, téamh lárnach, teilifís scáileáin leathain nó folúsghlantóir le fáil! Cinntíonn an bhean atá ina cónaí sa teach seo go bhfuil sé sciobtha scuabtha, tá na héadaí á dtriomú agus tá na taephotaí á dtéamh os comhair na tine. Féach, tá spás duitse taobh leis an tine deas teolaí! Samhlaigh na scéalta a bheadh le hinsint ag an mbean seo.

[Íoslódáil an pdf anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)



Daniel Maclise, *Francois I and Diane de Poitiers* (1834)

**Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Céard atá i lámh an fhir seo? An bhfuil cuma fheargach, shleamhain, shuaite nó bhrónach air? Is crosán é an carachtar seo ó phictiúr de chuid Daniel Maclise.

Ba i gCorcaigh a rugadh Daniel agus bhí an-spéis aige sa stair, san amharclann agus sa scéalaíocht. Sa phictiúr seo insítear scéal mná ar a dtugtar Diane, a théann chomh fada le Rí na Fraince chun impí air a hathair a scaoileadh saor ón bpríosún. Scaoiltear a hathair saor ón bpríosún, ach ní mór do Diane fanacht leis an Rí.

An féidir leat an méid a tharla ina dhiaidh sin a shamhlú?

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)



John Baptist Closterman, *Portrait of a Gentleman* (c.1710)

**Eolas maidir leis an saothar ealaíne:**

Péinteáladh an pictiúr seo níos mó ná 300 bliain ó shin! Ba sa 17<sup>ú</sup> haois a péinteáladh an pictiúr seo, tráth nach raibh tús curtha le ré na grianghrafadóireachta agus nuair nach raibh airgead ach ag na daoine is saibhre chun portráid a fháil. Níl ainm an fhir sa phortráid seo ar eolas againn, is mistéir atá ann. An bhfuil fonn spraoi ort? Cuir an fear seo faoi bhréagrioct chun cur leis an mistéir!

[Íoslódáil an PDF anseo](#)

[Is féidir leat breathnú ar an saothar ealaíne a rinne an t-ealaíontóir anseo](#)